2025/2155

24.10.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2155 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Deireadh Fómhair 2025

lena mbunaítear, de bhun Rialachán (AE) 2024/573 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, na socruithe mionsonraithe a bhaineann leis an dearbhú comhréireachta agus leis an bhfíorú ag an iniúchóir neamhspleách agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/879 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/573 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Feabhra 2024 maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ([1]), agus go háirithe Airteagal 19(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2024/573, ceadaítear trealamh cuisniúcháin agus aerchóiriúcháin, teaschaidéil agus análóirí dáileoige méadraithe a réamhluchtaíodh le hidreafluaracarbóin a chur ar an margadh, má chuirtear na hidreafluaracarbóin atá sna táirgí nó sa trealamh san áireamh laistigh den chóras cuótaí dá dtagraítear i gCaibidil IV den Rialachán sin. Agus táirgí nó trealamh réamhluchtaithe á gcur ar an margadh acu, tá monaróirí agus allmhaireoirí, de bhun Airteagal 19(2) de Rialachán (AE) 2024/573, le comhlíonadh an cheanglais sin a dhoiciméadú agus dearbhú comhréireachta a tharraingt suas ina leith sin.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/879 ([2]) ón gCoimisiún bunaítear socruithe mionsonraithe a bhaineann leis an dearbhú comhréireachta agus trealamh cuisniúcháin, aerchóiriúcháin agus teaschaidéil a réamhluchtaíodh le hidreafluaracarbóin á chur ar an margadh agus le fíorú an trealaimh sin ag iniúchóir neamhspleách.

(3) Agus na dearbhuithe comhréireachta agus doiciméadacht á dtarraingt suas, is gá foráil a dhéanamh maidir le roghanna éagsúla lena léirítear bealaí éagsúla chun comhlíonadh a áirithiú atá ar fáil do mhonaróirí agus d'allmhaireoirí.

(4) Le Rialachán (AE) 2024/573 áiríodh análóirí dáileoige méadraithe i raon feidhme na dtáirgí agus an trealaimh dá dtagraítear in Airteagal 19 den Rialachán sin. Is gá, dá bhrí sin, an cineál nua táirge sin a áireamh i raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/879. Ina theannta sin, is gá roinnt athruithe a thabhairt isteach chun ailíniú le Rialachán (AE) 2024/573.

(5) Chun comhlíonadh an chórais cuótaí dá dtagraítear i gCaibidil IV de Rialachán (AE) 2024/573 a léiriú, tá gá le cineálacha éagsúla doiciméad ó allmhaireoirí agus ó mhonaróirí lena léirítear na cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí a dhéanann na gnóthais sin. Is gá, dá bhrí sin, liosta doiciméad a bhunú ar cheart d'allmhaireoirí agus do mhonaróirí iad a choinneáil.

(6) Chun treoraíocht a sholáthar maidir le fíorú tríú páirtí an dearbhaithe comhréireachta agus na doiciméadachta foluití a cheanglaítear le hAirteagal 19(2) de Rialachán (AE) 2024/573, ba cheart raon feidhme an fhíoraithe ag iniúchóir neamhspleách a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 26(7) den Rialachán sin.

(7) Chun dóthain ama a thabhairt d'allmhaireoirí agus do mhonaróirí na rialacha nua a chomhlíonadh, beartaítear leis an Rialachán seo go leanfaidh na dearbhuithe comhréireachta a bhunaítear faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/879 de bheith bailí go dtí an 31 Nollaig 2025.

([1]) IO L 2024/573, 20.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/573/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/879 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2016 lena mbunaítear, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, socruithe mionsonraithe a bhaineann leis an dearbhú comhréireachta agus trealamh cuisniúcháin, aerchóiriúcháin agus teaschaidéil a luchtaíodh le hidreafluaracarbóin á chur ar an margadh agus le fíorú an trealaimh sin ag iniúchóir neamhspleách (IO L 146, 3.6.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2016/879/oj).

(8) I bhfianaise na n-athruithe éagsúla atá le déanamh, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/879 a aisghairm agus a ionadú ar mhaithe le soiléireacht. Dá bhrí sin, ba cheart tagairtí don Rialachán Cur Chun Feidhme sin a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe, arna bhunú le hAirteagal 34(1) de Rialachán (AE) 2024/573,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Dearbhú comhréireachta

1. Allmhaireoirí agus monaróirí trealaimh cuisniúcháin agus aerchóiriúcháin, teaschaidéal agus análóirí dáileoige méadraithe a réamhluchtaíodh le hidreafluaracarbóin ('táirgí nó trealamh'), tarraingeoidh siad suas an dearbhú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2024/573 agus úsáid á baint as an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo. Déanfaidh ionadaí dlíthiúil de chuid mhonaróir nó allmhaireoir na dtáirgí nó an trealaimh an dearbhú comhréireachta a shíniú.

2. Ní fhéadfaidh dearbhú comhréireachta tagairt a dhéanamh d'údarú nó do tharmligean údaraithe ach amháin más rud é gur eisíodh an t-údarú nó an tarmligean sin i gcomhréir le hAirteagal 21(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2024/573, faoi seach.

Airteagal 2

Doiciméadacht

1. Maidir le haon chur ar an margadh san Aontas, coinneoidh monaróirí na dtáirgí nó an trealaimh a réamhluchtaíodh le hidreafluaracarbóin an doiciméadacht seo a leanas dá dtagraítear in Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2024/573:

(a) an dearbhú comhréireachta;

(b) liosta lena sainaithnítear na táirgí nó an trealamh, agus an cineál agus an chainníocht iomlán i gcileagraim in aghaidh an chineáil hidreafluaracarbón atá iontu;

(c) i gcás inar soláthraíodh na hidreafluaracarbóin don mhonaróir, an nóta seachadta nó an sonrasc le haghaidh na hidreafluaracarbón comhfhreagrach a cuireadh ar an margadh san Aontas

(d) i gcás ina ndéanann an monaróir hidreafluaracarbóin atá sna táirgí nó sa trealamh a allmhairiú agus a scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas sula luchtaítear iad, na doiciméid chustaim ábhartha lena léirítear gur scaoileadh cainníocht na hidreafluaracarbón atá sna táirgí nó sa trealamh chun saorchúrsaíochta san Aontas;

(e) i gcás ina ndéanann an monaróir hidreafluaracarbóin atá sna táirgí nó sa trealamh a allmhairiú, ach nach scaoiltear chun saorchúrsaíochta san Aontas iad sula luchtaítear iad, cruthúnas go gcomhlíontar na nósanna imeachta custaim ábhartha maidir le scaoileadh na gcainníochtaí ábhartha hidreafluaracarbón chun saorchúrsaíochta nuair a chuirtear an táirge nó an trealamh sin ar an margadh;

(f) i gcás ina ndéanann monaróir an táirge nó an trealaimh na hidreafluaracarbóin atá sa táirge nó sa trealamh a tháirgeadh agus a réamhluchtú sa táirge nó sa trealamh san Aontas, doiciméad ina léirítear cainníocht na hidreafluaracarbón atá sa táirge nó sa trealamh.

Ní cheanglaítear an liosta dá dtagraítear i bpointe (b) más féidir leis an monaróir a chruthú gur cuireadh na hidreafluaracarbóin atá sna táirgí nó sa trealamh ar an margadh roimh an luchtú.

2. Coinneoidh allmhaireoirí táirgí nó trealaimh a réamhluchtaíodh le hidreafluaracarbóin an doiciméadacht seo a leanas dá dtagraítear in Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2024/573 le haghaidh aon táirge nó trealamh a chumhdaítear le dearbhú custaim maidir le scaoileadh chun saorchúrsaíochta san Aontas:

(a) an dearbhú comhréireachta;

(b) liosta lena sainaithnítear na táirgí nó an trealamh a scaoiltear chun saorchúrsaíochta lena soláthraítear an fhaisnéis seo a leanas:

(i) faisnéis na samhla;

(ii) an líon aonad in aghaidh na samhla;

(iii) sainaithint an chineáil hidreafluaracarbón atá i ngach samhail;

(iv) cainníocht na hidreafluaracarbón i ngach aonad arna slánú go dtí an gram is gaire;

(v) an líon iomlán hidreafluaracarbón i gcileagraim agus i dtonaí de choibhéis CO_2;

(c) an dearbhú custaim a bhaineann leis na táirgí nó an trealamh a scaoileadh chun saorchúrsaíochta san Aontas;

(d) i gcás inar cuireadh na hidreafluaracarbóin atá sa táirge nó sa trealamh a réamhluchtaíodh le hidreafluaracarbóin ar an margadh san Aontas cheana féin, inar onnmhairíodh iad ina dhiaidh sin agus inar luchtaíodh isteach sa táirge nó sa trealamh iad lasmuigh den Aontas, nóta seachadta nó sonrasc, chomh maith le dearbhú ón ngnóthas a chuir na hidreafluaracarbóin ar an margadh, inar luadh gur tuairiscíodh nó go dtuairisceofar cainníocht na hidreafluaracarbón mar hidreafluaracarbóin a cuireadh ar an margadh san Aontas agus nár tuairiscíodh, agus nach dtuairisceofar mar sholáthar díreach iad le haghaidh onnmhairiú de réir bhrí Airteagal 16(2), pointe (c), de Rialachán (AE) 2024/573 de bhun Airteagal 26 den Rialachán sin;

(e) i gcás inar chuir an gnóthas na táirgí nó an trealamh a réamhluchtaíodh agus na hidreafluaracarbóin atá iontu ar an margadh san Aontas cheana féin, inar onnmhairíodh lasmuigh den Aontas iad ina dhiaidh sin, agus inar ath-allmhairíodh ansin iad isteach san Aontas gan aon hidreafluaracarbón a chur isteach, nóta seachadta nó sonrasc, chomh maith le dearbhú ón ngnóthas a chuir na hidreafluaracarbóin ar an margadh, inar luadh gur tuairiscíodh nó go dtuairisceofar cainníocht na hidreafluaracarbón mar hidreafluaracarbóin a cuireadh ar an margadh san Aontas agus nár tuairiscíodh, agus nach dtuairisceofar iad mar sholáthar díreach le haghaidh onnmhairiú de réir bhrí Airteagal 16(2), pointe (c), de Rialachán (AE) 2024/573 de bhun Airteagal 26 den Rialachán sin;

Airteagal 3

Fíorú

1. Deimhneoidh an t-iniúchóir neamhspleách dá dtagraítear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2024/573 fírinneacht na tuarascála a chuir gnóthas isteach de bhun Airteagal 26(4) de Rialachán (AE) 2024/573 agus fíoróidh sé an doiciméadacht agus na dearbhuithe comhréireachta seo a leanas ó allmhaireoir na dtáirgí nó an trealaimh:

(a) comhsheasmhacht na ndearbhuithe comhréireachta agus na ndoiciméad gaolmhar leis na tuarascálacha a cuireadh isteach de bhun Airteagal 26(4) de Rialachán (AE) 2024/573;

(b) cruinneas agus iomláine na faisnéise atá sna dearbhuithe comhréireachta agus sna doiciméid ghaolmhara ar bhonn thaifid an ghnóthais ar na hidirbhearta gnó ábhartha;

(c) i gcás ina dtagraíonn allmhaireoir táirgí nó trealaimh d'údarú nó do tharmligean a eisíodh i gcomhréir le hAirteagal 21(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2024/573, faoi seach, infhaighteacht údaruithe nó toscaireachtaí leordhóthanacha trí shonraí sa Tairseach F-gás dá dtagraítear in Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2024/573 a chur i gcomparáid le doiciméid lena bhfianaítear táirgí nó trealamh a chur ar an margadh;

(d) i gcás inar cuireadh na hidreafluaracarbóin atá sna táirgí nó sa trealamh ar an margadh san Aontas, inar onnmhairíodh iad ina dhiaidh sin agus inar luchtaíodh isteach sa táirge nó trealamh iad lasmuigh den Aontas, dearbhú a bheith ann ón ngnóthas a chuireann na hidreafluaracarbóin ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 2(2), pointe (d), lena gcumhdaítear na cainníochtaí ábhartha;

(e) i gcás inar cuireadh na táirgí nó an trealamh a réamhluchtaíodh agus na hidreafluaracarbóin atá iontu ar an margadh san Aontas, inar onnmhairíodh iad ina dhiaidh sin agus inar ath-allmhairíodh ansin iad isteach san Aontas, dearbhú a bheith ann ón ngnóthas a chuireann na hidreafluaracarbóin ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 2(2), pointe (e), lena gcumhdaítear na cainníochtaí ábhartha;

2. Eiseoidh an t-iniúchóir neamhspleách doiciméad fíorúcháin ina mbeidh a thorthaí tar éis an fhíoraithe i gcomhréir le mír 1. Áireofar leis sin ráiteas maidir le leibhéal cruinnis na doiciméadachta agus na ndearbhuithe comhréireachta ábhartha agus maidir le fírinneacht na tuarascála arna cur isteach ag gnóthas de bhun Airteagal 26(4) de Rialachán (AE) 2024/573.

Cuirfidh an t-iniúchóir neamhspleách an doiciméad fíorúcháin faoi bhráid an Choimisiúin tríd an Tairseach F-gás.

Airteagal 4

Aisghairm

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/879. Déanfar tagairtí don Rialachán Cur Chun Feidhme aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn II.

Airteagal 5

Foráil idirthréimhseach

Na dearbhuithe comhréireachta a bhunaítear faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/879 sa leagan a bhí i bhfeidhm an lá roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, leanfaidh siad de bheith bailí go dtí an 31 Nollaig 2025.

Airteagal 6

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Dearbhú comhréireachta i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) 2024/573 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

Dearbhaímid [cuir isteach ainm na cuideachta, an uimhir aitheantais CBL agus i gcás allmhaireoirí táirgí nó trealaimh, cuir isteach Aitheantas Clárúcháin na Tairsí F-gás], faoinár bhfreagracht aonair, go gcuirtear na hidreafluaracarbóin atá sa táirge nó sa trealamh sin san áireamh sa chóras cuótaí dá dtagraítear i gCaibidil IV de Rialachán (AE) 2024/573 maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus táirgí nó trealamh a réamhluchtaíodh á gcur ar an margadh againn, ar táirgí nó trealamh iad a allmhairímid chuig an Aontas nó a dhéanaimid a mhonarú san Aontas, mar:

[Roghnaítear an rogha/na roghanna ábhartha thíos; baintear cumhdach an chórais cuótaí amach trí cheann amháin nó níos mó de na roghanna thíos]

☐ A tá na húdaruithe againn le haghaidh úsáid an chuóta, nó údaruithe tarmligthe Fuarthas na húdaruithe nó na húdaruithe tarmligthe sin i gcomhréir le hAirteagal 21(2) agus (3), faoi seach, de Rialachán (AE) 2024/573 tar éis iad a thaifeadadh sa Tairseach F-gás dá dtagraítear in Airteagal 20 den Rialachán sin agus cumhdaítear leo cainníocht iomlán na hidreafluaracarbón atá sa táirge nó sa trealamh atá le scaoileadh chun saorchúrsaíochta.

☐ B *[i gcás allmhaireoirí táirgí nó trealaimh amháin]* cuireadh na hidreafluaracarbóin atá sa táirge nó sa trealamh ar an margadh san Aontas, onnmhairíodh ina dhiaidh sin iad agus luchtaíodh isteach sa táirge nó trealamh iad lasmuigh den Aontas, agus an gnóthas a chuir na hidreafluaracarbóin ar an margadh san Aontas, rinne sé dearbhú inar luadh gur tuairiscíodh nó go dtuairisceofar cainníocht na hidreafluaracarbón mar hidreafluaracarbóin a cuireadh ar an margadh san Aontas agus nár tuairiscíodh, agus nach dtuairisceofar mar sholáthar díreach í le haghaidh onnmhairiú de réir bhrí Airteagal 16(2), pointe (c), de Rialachán (AE) 2024/573 de bhun Airteagal 26 den Rialachán sin;

☐ C [i gcás táirgí nó trealamh a mhonaraítear san Aontas] na hidreafluaracarbóin a luchtaíodh isteach sa táirge nó trealamh, chuir táirgeoir nó allmhaireoir hidreafluaracarbón ar an margadh iad faoi réir Airteagal 16[(1) de Rialachán (AE) 2024/573; *nó [i gcás táirgí nó trealaimh a allmhairíodh isteach san Aontas]* gur cuireadh an táirge nó an trealamh agus na hidreafluaracarbóin atá iontu ar mhargadh an Aontais roimhe sin agus gur onnmhairíodh an táirge nó an trealamh in éineacht leis na hidreafluaracarbóin atá iontu.

[ainm agus post an ionadaí dhlíthiúil]

[síniú an ionadaí dhlíthiúil]

[dáta]

IARSCRÍBHINN II

Tábla Comhghaoil

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/879 ón gCoimisiún	An Rialachán seo
Airteagal 1(1)	Airteagal 1(1)
Airteagal 1(2)	-
Airteagal 1(3)	Airteagal 1(2)
Airteagal 2(1)	Airteagal 2(1)
Airteagal 2(2), pointí (a) go (d)	Airteagal 2(2), pointí (a) go (d)
-	Airteagal 2(2), pointe (e)
Airteagal 3(1), pointí (a) go (d)	Airteagal 3(1), pointí (a) go (d)
-	Airteagal 3(1), pointe (e)
Airteagal 3(2)	Airteagal 3(2)
-	Airteagal 3(2), an dara fomhír
Airteagal 4	-
-	Airteagal 4
Airteagal 5	Airteagal 5